



A Phríomhoide, a chara,

Féach an t-uasdátú thíos i dtaca leis an Scéim Iompair Scoile.

Eolas do theaghlaigh maidir leis an bPróiseas Iarratais ar Iompar Scoile don Scoilbhliain 2024/25

Iarratais nua don scoilbhliain 2024/25

Tá tairseach teaghlaigh Bhus Éireann oscailte anois d'iarratais nua ar sheirbhísí iompair scoile don scoilbhliain 2024/25. Meastar iarratais nua a bheith mar seo a leanas:

- Daltaí a bheidh ag freastal ar rang na naíonán sóisearach sa bhunscoil nó ar an gcéad bhliain san Iar-bhunscoil den chéad uair riamh sa bhliain 2024.
- Daltaí nach ndearna iarratas ar iompar scoile sa scoilbhliain/sna scoilbhlianta roimhe seo.
- Daltaí a d'fhéadfadh seoladh baile a athrú nó a bheidh ag freastal ar scoil nua sa scoilbhliain 2024/25.

Is é **Dé hAoine an 26 Aibreán** an dáta deiridh le hiarratais nua a fháil. Aon iarratais nua a dhéantar tar éis an dáta deiridh, **measfar gur iarratais dhéanacha iad**. Má dhéantar iarratas déanach tá seans ann nach mbeidh ticéad ar fáil.

Gach iarratasóir – Íocaíocht a dhéanamh /sonraí cárta leighis – dáta deiridh an 7 Meitheamh 2024

I mbliana, is féidir le teaghlaigh iarratas a dhéanamh agus íocaíochta a dhéanamh /sonraí cárta leighis a chur isteach in aon chéim amháin ón dáta a osclaíonn an tairseach. Ciallaíonn sé seo gur féidir le hiarratasóirí nua agus iarratasóirí atá ann cheana féin íocaíocht a dhéanamh/sonraí cárta leighis a chur isteach as seo go dtí an 7 Meitheamh 2024.

Tá tairseach teaghlaigh Bhus Éireann oscailte anois le híocaíochtaí/sonraí cárta leighis a ghlacadh **go dtí an 7 Meitheamh 2024**. Aon íocaíochtaí a dhéanfar tar éis an dáta deiridh, **measfar iad a bheith déanach**. Má dhéantar íocaíocht dhéanach tá seans ann nach mbeidh ticéad ar fáil.

Dúnfaidh an tairseach ón 7 Meitheamh 2024 ar feadh tréimhse 3 seachtaine chun am a thabhairt do Bhus Éireann le planáil a dhéanamh don scoilbhliain nua.

Ní mór íocaíochtaí/sonraí cárta leighis a chur isteach dóibh seo a leanas:

- iarratasóirí nua, agus;
- daltaí a rinne iarratas ar iompar scoile roimhe seo/a bhain leas as iompar scoile roimhe seo agus a dteastaíonn suíochán ar sheirbhís uathu don scoilbhliain 24/25.

Tá leanaí (atá incháilithe le haghaidh iompar scoile) a bhfuil cárta leighis bailí acu (an Scéim um Sheirbhísí Leighis Ginearálta) díolmhaithe ón táille bhliantúil a íoc, ach ní mór a sonraí cárta leighis a chur isteach go dtí Bus Éireann. Tá Bus Éireann ag glacadh le sonraí cárta leighis anois go dtí an 7 Meitheamh 2024. Sonraí cárta leighis a fhaightear i ndiaidh an 7 Meitheamh, measfar iad a bheith déanach.

Ionad Glaonna do Chustaiméirí

Tá ionad glaonna do chustaiméirí curtha ar bun ag Bus Éireann chun cuidiú go sonrach le teaghlaigh maidir le fiosruithe Iompair Scoile i rith na tréimhse samhraidh gnóthaí. Is féidir le teaghlaigh a bhfuil fiosruithe acu teagmháil a dhéanamh leis an ionad glaonna ar: Glao Áitiúil 0818 919 910. Is iad na huaireanta oibriúcháin 09.00 – 17.00 Luan go hAoine.

Is féidir le teaghlaigh teagmháil a dhéanamh le Bus Éireann freisin ar a suíomh gréasáin: www.buseireann.ie/schooltransport trí fhiosrú a chur isteach trí:

<https://www.buseireann.ie/inner.php?id=769>,

Is féidir teacht ar uasdátuithe maidir leis an bpróiseas iarratais ar Gov.ie/schooltransport agus ar buseireann.ie/schooltransport.

Incháilitheacht

Beidh leanaí incháilithe le haghaidh iompair ar an leibhéal bunscoile sa chás go gcónaíonn siad fad nach lú ná 3.2 ciliméadar ón scoil náisiúnta is cóngaraí dóibh mar a chinnfidh an Roinn/ag Bus Éireann, agus aird á tabhairt ar éiteas agus ar theanga.

is cóngaraí dóibh, agus ar an leibhéal iar-bhunscoile sa chás go gcónaíonn siad fad nach lú ná 4.8 ciliméadar ón iarbhunscoil/ionad oideachais is cóngaraí dóibh mar a chinnfidh an Roinn/ag Bus Éireann, agus aird á tabhairt ar éiteas agus ar theanga.

- Leanaí atá incháilithe le haghaidh iompar scoile agus a chuireann an próiseas iarratais agus íocaíochta i gcrích in am, freastalófar orthu ar sheirbhísí iompair scoile sa chás go bhfuil seirbhísí den sórt sin ag feidhmiú agus go bhfuil spás iontu.
- Leanaí nach bhfuil incháilithe le haghaidh iompar scoile, ach a chuireann an próiseas iarratais agus íocaíochta i gcrích in am, déanfar iad a mheas le haghaidh suíocháin bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis freastal ar leanaí incháilithe; tugtar suíocháin lamháltais ar shuíocháin den sórt sin.
- Mar gheall ar chineál an iompair lamháltais do leanaí neamh-incháilithe agus ar an tosaíocht d'áiteanna a sholáthar do leanaí incháilithe, is féidir go mbeidh an t-éileamh ar áiteanna lamháltais níos mó ná an soláthar. Sna cásanna sin, leithdháilfidh Bus Éireann ticéid le haghaidh suíocháin bhreise trí phróiseas roghnúcháin comhaontaithe a úsáid.

- Lena chois sin, leanfaidh bearta sealadacha maolaithe ar aghaidh don scoilbhliain 2024/25. Ciallaíonn sé seo go gcuirfear iompar ar fáil, sa chás go bhfuil seirbhísí den sórt sin ag feidhmiú agus go bhfuil spás iontu, do dhaltaí atá incháilithe d'iompar go dtí an scoil is cóngaraí dóibh agus atá ag freastal ar an dara scoil/ionad iar-bhunscoile is cóngaraí dóibh agus a dhéanann iarratas agus íocaíocht in am.

Táillí Ticéid

Don scoilbhliain 2024/25 beidh táillí €50 in aghaidh an dalta ar an leibhéal bunscoile agus €75 in aghaidh an scoláire ar an leibhéal iar-bhunscoile i bhfeidhm, agus beidh srian €125 in aghaidh an teaghlaigh ann. Beidh leanaí incháilithe a bhfuil cárta leighis iomlán acu agus leanaí atá incháilithe do sheirbhísí iompair RSO díolmhaithe fós ón táille bhliantúil le haghaidh ticéid.

Athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile

Tá athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile curtha i gcrích. Reáchtáladh an t-athbhreithniú seo d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an scéim reatha, ar a héifeachtúlacht i gcoitinne, agus ar a hinbhuanaitheacht lena chinntiú go bhfreastalaíonn an scéim ar dhaltaí agus ar a dteaghlaigh go hiomchuí.

Tá tuarascáil na Scéime Iompair Scoile 2030 foilsithe anois, atá mar an t-athbhreithniú is mó ar an Scéim Iompair Scoile ó bunaíodh í in 1967. Tá an Rialtas tiomanta chun obair a dhéanamh le moladh na tuarascála a bhaint amach maidir le rochtain ar an scéim a leathnú ionas gur féidir 100,000 dalta sa bhreis a iompar faoi 2030. I rith an athbhreithnithe, ba léir go mór fiúntas na Scéime Iompair Scoile do na teaghlaigh agus chun tacú le polasaithe an Rialtais i gcoitinne araon. Mar achoimre, ní hamháin go bhfuil ról tábhachtach ag an iompar scoile chun tacú le rochtain leanaí ar an oideachas, ach tagann sé freisin le cuspóirí an Rialtais i gcoitinne.

Ar an iomlán, is é atá i gceist leis na hathruithe atá molta ar fheidhmiú na Scéime:

- na critéir incháilitheachta reatha a leathadh,
- tabhairt faoi na dúshláin oibriúcháin reatha
- táillí agus deontais agus
- le himeacht ama, ag bogadh i dtreo comhtháthú níos fearr le hiompar poiblí lena chinntiú go mbíonn an luach ar airgead is fearr ann don Státchiste.

Cuirfear tús le moltaí an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe i mí Mheán Fómhair 2024. San áireamh anseo beidh iarracht chomhroinnte idir mo Roinn agus an Roinn Iompair chun scéim phiolótach a reáchtáil agus chun comhtháthú níos fearr a thabhairt isteach maidir le líonraí iompair a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe leis na bealaí iompair scoile, d'fhonn an soláthar iompair a leathnú agus laghdú a dhéanamh in imeacht ama ó bheith ag brath ar thurais cairr aonair d'aistir scoile. Tá sé i gceist faoi réir acmhainní tús a chur leis na critéir incháilitheachta leasaithe sa scoilbhliain 2025/2026.

Daltaí ón Úcráin

Níor cheart do dhaltaí ón Úcráin a dteastaíonn iompar scoile uathu iarratas a dhéanamh trí thairseach teaghlaigh Bhus Éireann, ach ba cheart dóibh cuairt a thabhairt ar gov.ie/ukraine chun sonraí a fháil faoi conas iarratas a dhéanamh. Tabhair faoi deara nach gcaithfidh aon daltaí ón Úcráin atá ar iompar scoile faoi láthair athiarratas a dhéanamh don scoilbhliain 2024/25 mura bhfuil a seoladh nó a scoil athraithe acu.